


Willie the Plain Pint agus An Pápa, le Breandán Ó hEithir



Breandán Ó hEithir was a significant writer and journalist, a native speaker of Irish, and one who very much used Irish to deal with modern issues.

He was born on the Aran Islands in 1930 -- his uncle was the famous writer Liam Ó Flaithearta (*Dúil*). He got a degree from UC-Galway, spent some time as a laborer and wandering book seller.

But eventually he into writing and journalism. He worked as an editor for the famous (now revived) Irish language magazine *Comhar*, as well as writing a column for *The Irish Times*. He also was an editor for the publisher Sairséal agus Dill.

In 1976, Ó hEithir wrote one of the most famous Irish-language novels of modern times, *Lig Sinn i gCathú*, that not only won several prizes, it was perhaps the first "best seller" written in Irish. He received a fellowship from our own St. Paul-based Irish American Cultural Institute that same year (or in 1975, as I found reference to *Foras Gael-Mheiriceánach* giving him 2,000 punt that year).

The novel recounted a rather bawdy view of a college undergraduate's main preoccupations during Easter 1949 -- when the undergraduate *should* have been thinking about Ireland finally officially becoming a country. It was said that if the censors could read Irish better, they wouldn't have allowed it to be published. (His second novel, *Sionnach ar mo Dhuán*, is supposed to be rather more explicit, but I haven't seen it.)

Besides the print media, he was very active in broadcast journalism. He covered the GAA for RTÉ TV (writing a well known account of his experiences called *Over the Bar*), as well as working in radio. He was involved in an early Irish-language RTÉ TV current affairs program, *Féach*, and he was frequently heard on RnaG when that started up. He also wrote movie scripts for Gael-Linn.

His range was impressive. Late in life, his overview *This Is Ireland* was published by Irish Books & Media in St. Paul.

Willie the Plain Pint (the title essay is the one we have to read here) was a collection of essays and articles on a wide range of topics, many of them with a wry tone, to be sure. His somewhat irreverent sense of humor was a trademark, and he didn't mind skewering politicians, or even pompous organizations promoting the language. This collection came out in 1977.

In his later years, Ó hEithir lived in Germany and France. He died in 1990.

WILLIE THE PLAIN PINT

agus an Pápa

Ar maidin Dé Máirt na seachtaine seo caite léigh mé ar an gcéad leathanach den nuachtán maidne gur chaith an Taoiseach, Liam Mac Coscair, 43 nóiméad i gcomhluadar an Phápa Pól VI an mhaidin roimhe sin. Seo é an chéad uair ar bhuail an Pápa le Taoiseach. Sa mbliain 1962 chas Seán Lemass leis an bPápa Eoin XXIII. Dúradh freisin gur chuir an Taoiseach dearcadh an Rialtais ar Choinbhinsiún an Tuaiscirt in iúl don Phápa agus gur dhúirt sé freisin gur ghráin le Rialtas na hÉireann seicteachas.

Tar éis an agallaimh dúirt an Taoiseach go ndeachaigh spéis an Phápa i gcúrsaí an Tuaiscirt i bhfeidhm go mór aif: rud ab ionann's a rá gur chúis iontais dó go gcuirfeadh A Naofacht suim soip sa ngarraí gabáiste de thírín giobach seo. Labhair an Pápa freisin ar naomhú Oilibhéir Pluincéad agus chomh sásta agus a bhí Sé líne tosaigh scrum Rialtais Mhic Choscair — Liam, Jimmy “The Clean” Tully agus Marcus na Talún — a fheiceáil ag na searmanaisí. D'fhéadfainn an chuid seo den chomhrá a shamhlú mé féin agus cheapfainn go raibh an Taoiseach go hiomlán ar a shuaimhneas le na linn. Dá léifinn gur thug an Taoiseach buaiteoir an Champion Hurdle agus an Irish Cesarewitch dá Naofacht chreidfinn freisin é. Mar táimse, a léitheoirí, ar dhuine den bheagán ar eol dóibh an comhrá a tharla idir an Pápa Pius XI agus athair an Taoisigh, Liam T. Mac Coscair, nuair a thug seisean cuairt ar an Vatacáin sna ficheadaí. Seo mar a tharla dom a theacht i seilbh an eolais ríthábhachtaigh seo.

Tá a lán seanchais agus go fiú béaloidis sa timpeall i dtaobh eachtraí agus imeachtaí Bhreandán Uí Bheacháin. Go gairid tar éis a bháis (agus go rialta ó shin) foilsíodh cuimhní cinn de chineálacha éagsúla. Scríobh a dheartháir agus a bhean leabhair agus scríobh duine eile beathaisnéis. Ós rud é go raibh an Beachánach ina lúb fhíor-riachtanach sa slabhra a thug an t-eolas atá le scaoileadh agam i mo threosa, is gá dom rud tábhachtach amháin a rá. Nuair a chuireann daoine síos ar an mBeachánach agus ar an ól agus ar an spórt is annamh a luaitear go raibh Breandán i bhfad níos greannmhaire agus níos géarintinní (agus go mór níos géire sa teanga freisin) ar a chiall ná ar a chuid óil. Agus ba le linn dó a bheith ag ól uiscí aeraithe, ar feadh tréimhse réasúnta fada, a tharla an eachtra atá i gceist agam.

Lá breá gréine a bhí ann agus bhí mé féin, Benedict Kiely agus Seán J. White ag obair in oifig *Scéala Éireann* nuair a tháinig glaoch gutháin ó ósta an White Horse ag tabhairt cuireadh dúinn a theacht ag ól uiscí mianraí— nó uiscí ar bith eile a ba mhian linn — i gcomhluadar an Bheachánaigh.

Maidin bhreá i dtús an tSamhraidh a bhí ann freisin agus shuigh an ceathrar againn i mbéal fuinneoige oscailte ag breathnú trasna na Life agus ag caint: nó ba chirte go mór a rá, ag éisteacht leis an mBeachánach in ard a réime ag inseacht scéil i ndiaidh scéil, finnscéalta agus fírinne measctha tromach tramach trína chéile. Ach an scéal is léire a fhanann i mo chuimhne anois ná a chuntas ar chuairt Liam T. Mac Coscair — Willie the Plain Pint, mar a thugadh Breandán air — ar Chathair na Vatacáine.

Fuair an Beachánach a chuid eolais, má b'fhíor dó ó fhear a bhí i gceannas slándála le linn an turais ach is deacair a shamhlú go mbeadh cáilíochtaí uileláithreachta an Spioraid Naoimh ag a leithéid d'fhear. Bhí fir shlándála eile faoina chúram seo (earra thar a bheith tábhachtach an tslándáil i saol Mhuintir Mhic Choscair) agus thosaigh an spóirt le linn dóibh go léir a dhul

isteach i gCathair na Vatacáine, ar a mbealach chuig an bPápa. Thug fear inste an scéil faoi deara go raibh a ghunnán póca ina ghlaic ag fear amháin dá dhíorma, iarghunnadóir as Inse Chaoir, agus é ag dearcadh ina thimpeall go hamhrasach.

“Take your hand off your gun, for Jasus’ sake, you’re in the effin’ Vatican,” arsa fear inste an scéil.

“I don’t trust these hures with the hatchets,” arsa fear Inse Chaoir, “I heard Mary McSwiney is in Paris.”

Lean an scéal ar aghaidh mar seo gur casadh an Pápa agus an Coscarach ar a chéile. Bhí fear inste an scéil, ar chúis éigin nach bhfuil soiléir anois, ina sheasamh taobh thiar de chathaoir an Phápa ag éisteacht leis an gcomhrá. De réir chosúlachta ba i mBéarla a bhí sé agus fanann bloghanna de i mo chuimhne. Theastaigh ón bPápa eolas a fháil faoi chúrsaí polaitíochta agus geilleagracha na hÉireann agus bhí staidéar déanta aige féin agus ag a chomhairleoirí ar na cúrsaí sin.

“Thesa Shannon Schema . . .” arsan Pápa leis an gCoscarach, “You maka electricity outa water. Please, how much costa thees?”

“Oh Your Holiness,” arsa’n Coscarach, “Wait a minute ’till I tell you about St. Anne. We had great devotion to St. Anne in our family. We always called her “God’s Granny.” I often wonder was it a sin for us?”

Lean an comhrá mar seo ar feadh píosa fada; an Pápa ag cur síos ar chúrsaí polaitíochta agus an Coscarach ag caint ar chúrsaí creidimh. Ní raibh dul chun cinn ar bith á dhéanamh.

“Thesa de Valera,” arsa’n Pápa, “Thesa party he has made. Isa democratic, no?”

“Never mind that blackguard, Your Holiness, wait ’till I tell you about St. Aloysius. We used to pray to a statue of St. Aloysius and we could never make out if he was a boy or a girl. It was the long skirts, Your Holiness! I wonder was it a sin for us?”

Rinne an Beachánach aithris ar chaint an Phápa, ar chaint Liam T. Mac Coscair, ar chaint fhear inste an

scéil agus ar na pearsain éagsúla eile a bhain leis an scéal. Lean sé ar aghaidh, ar feadh leathuaire ar a laghad, ag tabhairt cuntais ar an turas, buille ar bhuille, i dtreo is nach mbeadh a fhios agat cá raibh an fhírinne agus cá raibh an finnscéal. Ní raibh aon téipthaifeadán in aice láthair agus ar aon chuma ní comhrá mar sin a bhí ann. Tharla sé agus lean sé ar aghaidh ar nós na haimsire agus taobh amuigh den chomhrá féin is é an rud is léire an fhanann i mo chuimhne féin ná an triúr againn a bhí sa chomhluadar in éindí leis ag cur síos ina dhiaidh sin ar chomh millteach greannmhar is a bhí Breandán an lá sin agus an leas a bhí staonadh ag déanamh dó. Scéal eile an scéal sin agus ceann nach mbaineann linn faoi láthair, cé nach miste é a lua.

Feicim gur thug taidhleoirí na Vatacáine suntas don tréimhse fada ama a chaith an Pápa i gcomhluadar an Taoisigh agus dúradar gur léirigh sé spéis dhomhain A Naofachta i gcúrsaí na hÉireann. Cá bhfios dóibh, mura raibh macasamhail cara an Bheachánaigh ag déanamh scéil dóibh? Nach dtarlódh sé chomh maith céanna gur léirigh sé spéis dhomhain an Taoisigh i gcúrsaí creidimh? Cá bhfios nach ag tabhairt léacht don Phápa a bhí sé faoi éifeacht an Ghinearáil Franco ag cosaint na slándála ar lucht foréigin agus an éagóir a bhí an Pápa ag déanamh air?

Ba é críoch scéil an Bheachánaigh gur mhair comhrá Phius XI agus Willie the Plain Pint chomh fada sin go dtáinig gardaí an Phápa isteach sa seomra de ruathar lena fháil amach céard a bhí ar siúl. Agus nuair a bhí sé imithe gur thug an Pápa aghaidh a chraois ar a chomhairleoirí agus é ag fógairt os ard a chinn, “Why you no tella me, stupido, El Presidente was a religiosa maniac?”

Ní thuigim cé mar sceitheadh an chuid seo den chomhrá ach bhain an Beachánach leas as a lán cainte a bhí thar a bheith neamh-Phápúil le linne na coda seo den scéal. Is baolach go mbeimid ag fanacht leis an leagan ceartiriseach de chuairt an Taoisigh ach níor dheacair dó a bheith níos suimiúla ná an fhírinne.